IMPORTANT NOTICE

# IMPORTANT

## CHANGE TO THE PROCESS OF DECLARING A VEHICLE TEMPORARILY OFF THE ROAD

From 1 October 2013, if a vehicle is not going to be in use for a period of between 3 and 12 months, a declaration must be made to your local motor tax office ***in advance*** of the vehicle being taken off the road if you wish to avoid the requirement to pay motor tax for the period of non use. This may only be made during the last month of a current vehicle licence by completing Form RF150 - Declaration of Non Use of a Motor Vehicle. Vehicles may not be declared off the road for a period shorter than 3 months.

Transitional arrangements are in place between July and end September 2013, when the declaration can also be furnished to a motor tax office ***during*** the month in which the vehicle is being taken off the road. In that case the declaration will commence from the start of that month for a period of between 3 and 12 months.

After 1 October 2013, the existing arrangements whereby you can declare that a vehicle was off the road, accompanied by a Garda stamp witnessing your signature, on Forms RF100, RF100A and RF111, will cease, and declarations regarding past periods of a vehicle being off the road can no longer be made. This means that September is the last month in which a Garda witnessed declaration (covering a period to the end of August) can be furnished.

Form RF150 and further details of the proposed changes are available from your local motor tax office or for download from **www.motortax.ie** or **www.environ.ie.**

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government

IMPORTANT NOTICE

# TÁBHACHTACH

## ATHRÚ AR AN bPRÓISEAS INA nDEARBHAÍTEAR NACH BHFUIL FEITHICIL AR BÓTHAR AR BHONN SEALADACH

Ón 1 Deireadh Fómhair 2013 amach, má bhíonn feithicil gan úsáid ar feadh tréimhse idir 3 agus 12 mhí agus más mian leat gan an mhótarcháin don tréimhse neamhúsáide a íoc ní mór dearbhú a dhéanamh le d'oifig mhótarchánach áitiúil ***sula*** mbainfidh tú an fheithicil den bhóthar. Ní féidir sin a dhéanamh ach amháin i rith na míosa deiridh den cheadúnas reatha feithicle agus leis an bhFoirm RF150 - Dearbhú um Neamhúsáid Mótarfheithicle a chomhlánú. 3 mhí an tréimhse is giorra is féidir a dhearbhú nach bhfuil feithicil ar bothar.

Tá socruithe eatramhacha ar bun idir mí Iúil agus deireadh Mheán Fómhair 2013, nuair is féidir an dearbhú a chur faoi bhráid oifig mhótarchánach ***i rith*** na míosa a mbeidh an fheithicil le baint den bhóthar r dtús. Sa chás sin, tosóidh an dearbhú ó thús na míosa sin ar feadh tréimhse idir 3 agus 12 mhí.

Ón 1 Deireadh Fómhair 2013 amach, tiocfaidh deireadh leis na socruithe reatha atá ann lena dhearbhú nach raibh feithicil ar bóthar, leis na foirmeacha RF100, RF100A nó RF111 ar a mbíonn do shíniú fianaithe ag stampa ón nGarda Síochána, agus ní bheifear in ann as sin amach dearbhú a dhéanamh nach raibh feithicil ar bóthar agat i dtréimhse san am atá caite. Ciallaíonn sin gur Meán Fómhair an mhí dheiridh inar féidir dearbhú arna fhianú ag Garda (a chlúdaíonn tréimhse go dtí deireadh mhí Lúnasa) a chur ar fáil.

Tá an fhoirm RF150 agus tuilleadh mionsonraí faoi na hathruithe beartaithe ar fáil ó d'oifig mhótarchánach áitiúil nó le híoslóáil ó **www.motortax.ie** nó **www.environ.ie.**

An Roinn Iompair Turasóireachta agus Spóirt
Department of Transport, Tourism and Sport

Comhshaol, Pobal agus Rialtas Áitiúil
Environment, Community and Local Government